# An Coiste Comhairleach

# Do Phlean 5 Bhliana Iorras Aithneach.

# Ceantar Charna agus Chill Chiaráin.

## Moltaí do Dhréachtphlean Forbartha

## Chontae na Gaillimhe

## 2022-2027.

**Meán Fómhair -4-2020.**

## RÉAMHRÁ.

**Is muide an Coiste Comhairleach áitiúil atá ag obair i dteannta Údarás na Gaeltachta sa ngníomhaíocht a bhaineann le feidhmiú an Phlean 5 Bhliana d'Iorras Aithneach (Cill Chiaráin, Carna agus Gaeltacht iarthar Chonamara). Is fada lámh ag baill an Choiste seoi in iarrachta forbartha pobail ar bhealaí éagsúla. Rinneadh an chuid is mo den obair sin ar bhun deonach. Is mar sin atá sé go fóill. Feach Agúisín uiimhr 2.**

**Cuireann muid fáilte roimh an mbéim atá leagtha ar an rannóg Talmhaíochta - 34% den olltáirge náisiúnta talmhaíochta fréamhaíthe i gContae na Gaillimhe a deirtear – san Réamhpháipéar Eolais atá foillsíthe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid den ullmhúchán a bhaineann leis an bPlean Forbartha Contae 2022-2027.**

**D'fhéadfaí a rá freisin sa gcomhthéacs seo go mbeadh deiseanna ann le tuilleadh forbartha sóisialta agus eacnamaíochta a bhunú ar achmhainní na mara agus na gcladach; sin tionscail eile atá lonnaithe cuid mhór i gceantracha tuaithe agus ar na hoileáin amach ón gcósta.**

**Fáiltíonn muid freisin roimh an mbéim atá leagtha ar na ceantair Ghaeltachta sa Réamhpháipéar Eolais. Mar atá a fhios agaibh, tá na pobail is láidre Gaeltachta i gCo. na Gaillimhe sa taobh tíre as Cois Fharraige siar go Carna. Ceantair "Catagóir A" iad seo ina labhrann formhór an phobail an Ghaeilge go laethiúil.**

**Tá go leor de shaibhreas na Gaeilge, na hoidhreachta agus an chultúir a bhaineann leis an gcontae seo fite fuaite sa talmhaíocht, sa bhfarraige agus sa taobh tíre tuaithe.**

**Sa gcaoi agus go gcoinneafar, agus go n-daingneofar, bunchloch eacnamaíochta, sóisialta agus oidhreachta an chontae seo, tá sé riachtanach go neartófaí na ceantair tuaithe.**

**Thar aon nídh eile, caithfear polasaí a chur i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh deis ag daoine maireachtáil sna pobail tuaithe. Ionas go mbainfear an bhunchuspóir sin amach caithfear aghaidh a thabhairt go réalaíoch ar na ceisteanna praiticiúla agus ba cheart na polaSaíthe agus na stráitéisí seo leanas a chur i bhfeidhm:**

# FREAGRAÍ ANSEO AR AN IARRATAS AR MHOLTAÍ Ó CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DON DHRÉACHT PHLEAN FORBARTHA CHONTAE NA GAILIMHE 2022-2027.

## SEO LEANAS ROINNT MOLTAÍ AGUS FOCLAÍOCHTA UAINNE I gCOMHAIR AN DRÉACHTPHLEAN A FHOILSEOFAR NÍOS DEIREANAÍ I mBLIANA.

**Moltaí ---Tacaíocht do Phlean 5 Bhliana Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Iarthar Chonamara.**

**Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil roinnt ceantair sa gcontae a bhfuil a stádas socheacnamaíochta ag ísliú go leanúnach mar is léir i ndaonáireamh i ndiaidh daonáirimh. Tá sampla maith den mheath seo i nGaeltacht Iardheisceart Chonamara mar atá soiléir ó na foilseacháin a chuir Comhairle Contae na Gaillimhe le chéile bunaithe ar thuairiscí daonáirimh. Is mór an chontuirt do bhuncharraig na Gaeilge sa gcuid sin d'Iardheisceart Chonamara an laghdú ar an daonra, an lagan ar dheiseanna fostaíochta agus an éagothroime deimeagrafach atá ina thoradh ar seo ar fad.**

------------------------------------------------

**Tá Comhairle Contae na Gaillimhe go láidir ar son feidhmiú phlean 5 bhliana Údarás na Gaeltachta i gceantar Charna/Chill Chiaráin. Thiocfadh buntáistí as an bhforbairt sin do na pobail atá in aice láimhe freisin. Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas agus tacaíocht freisin don Phlean Chaomhnaíthe agus Forbartha na Gaeilge i gceantar Chonamara Láir atá faoi stiúir Údarás na Gaeltachta.**

------------------------------------------------

**Tugann Comhairle Contae na Gaillimhe tacaíocht d'fhorbairt Pháirc na Mara ar an suíomh atá ag Údarás na Gaeltachta i gCill Chiaráin. Aithníonn an Chomhairle Contae gur togra nuálach atá i gceist le leas a bhaint as earnáil na mara ar mhaithe leis an bpobal. Aithníonn an Chomhairle Contae lena chois**

sin go bhféadfadh tábhacht náisiúnta agus idirnáisiunta a bheith le Páirc na Mara.

-----------------------------------------------

Leanfaidh an Chomhairle Contae ar aghaidh ag cabhrú go praiticiúil ar bhealaí éagsúla le plean forbartha 5 bhliana Údarás na Gaeltachta i gcomhair Charna/Chill Chiaráin agus i gcomhair cheantar Gaeltachta Iarthar Chonamara. Déanfar sin mar shampla trí uasghrádú a dhéanamh ar an R.340 agus trí fheabhas a chur ar an infrastruchtúr i sráidbhaile Chill Chiaráin agus Charna. Tá sé i gceist ag an gComhairle Contae go gcríocnófaí an scéim cosáin ar fud shráidbhaile Chill Chiaráin.

-----------------------------------------------

Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go dteastaíonn scéimeanna poiblí séarachais i sráidbhailte Chill Chiaráin agus Charna agus cuirfidh an Chomhairle Contae béim ar an riachtanas atá leo i gcomhráití le Uisce Éireann.

-----------------------------------------------

## Moltaí----Forbairtí sa nGaeltacht/an Ghaeilge

Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe gur contae láidir dhátheangach é contae na Gaillimhe ó thaobh stadas na dteangacha oifigiúla Stáit. Tá caomhnú agus cothú na Gaeilge ina bunaidhm ag Comhairle Contae na Gaillimhe. Tuigtear as sin go gcaithfear taca a chur faoi chaomhnú na teanga trí fhorbairt a dhéanamh ar an infrastruchtúor fhisiciúil i gceantair Ghaeltachta an chontae.

--------------------------------

Beidh Comhairle Contae na Gaillimhe tiomanta go hiomlán i gcónaí do chaomhnú agus do chothú na Gaeilge sa gceantar atá faoina gcúram. Chuige sin tuigeann an Chomhairle go gcaithfear creatlach sóisialta na bpobal Gaeltachta a neartú , go mór mór i gceantar imeallach. Aithnítear gur mór an baol do chuid de na pobail Ghaeltachta an laghdú leanúnach ar an daonra i dteannta dífhostaíochta agus imirce. Baol dá réir atá ann do stádas na Gaeilge sa gcontae agus sa tír.

## Moladh—Bóithre agus Infrastruchtúr

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae na Gaillimhe infrastruchtúr maith a chur ar fáil i ngach páirt den Chontae. Cuireadh feabhas mór ar an ngréasán bóithre le blianta beaga anuas go háithrid in oirthear an Chontae. Is mór an feabhas é sin ar an nasc idir bailte agus pobail. Mhéadaigh agus d'fheabhsaigh na ceangail bus agus traenach sa gcuid den chontae atá taobh thoir de chathair na Gaillimhe; ba mhór an cuidiú an N.4 nua as Gaillimh go Béal Átha na Slua agus na mótarbhealaí an N.18 agus an N.17.

Ach tá iarthar an chontae buailte go dona i gcónaí ag drochbhóithre, rud a fhágann a lán de na pobail faoi mhíbhuntáiste, go mór mór an chuid acu atá bealach fada ó sheirbhísí riachtanacha mar fhostaíocht, seirbhísí nach féidir déanamh á n-uireasa agus ospidéil. Tá sé tuigthe ag Comhairle Contae na Gaillimhe go gcaithfear feabhas a chur go práinneach ar ghréasán bóithre Chonamara. Tá iarrachtaí déanta ag an gComhairle Contae air sin cheana féin ach ní i gcónaí a d'éirigh leis na hiarrachtaí de bharr cúinsí timpeallachta.

Ó tharla go bhfuil feabhas suntasach curtha ag an gComhairle ar sheirbhísí bóithre agus iarnróid i bpáirteanna eile den chontae tá sé ar intinn ag Comhairle Contae na Gaillimhe anois díriú ar uasghrádú iomlán a dhéanamh ar an gcuid den N.59 atá i gConamara agus ar fhorbairt bóthair nua an R.366 as Bearna go Carna i bPlean Forbartha 2022-2027. Díreofar freisin ar uasghrádú iomlán a dhéanamh ar an mbóthar an R.336 atá ina cheangal ríthábhachtach idir an R.336 agus an N.59 i nGaeltacht Iarthar Chonamara. Tabharfar aire chomh maith do bhóithre i gConamara atá ar ghrád níos ísle sa nGrádú Náisiúnta Iompair.

## Moltaí—Earnáil na Mara

Tá tuiscint ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar an gcúlú i modhanna traidisiúnta iascaireachta le slí bheatha a bhaint amach. Glacfaidh an Chomhairle le polasaí a bhainfeas leas as na hacmhainní mara atá ar an gcósta fada 700 ciliméadar atá leis an gcontae. Beidh na hacmhainní sin ina ndeiseanna fostaíochta ag na pobail atá ina gcónaí le hais an Atlantaigh. Mar spreagadh don pholasaí seo breathnóidh Comhairle Contae na Gaillimhe go fabhrach i bprionsabal ar iarratais phleanála i gcomhair tionscal agus gníomhíochtaí mara.

----------------------------------

Glacann Comhairle Chontae na Gaillimhe leis go bhfuil Céibh Chill Chiaráin ina aon lárnach agus tábhachtach do thionscail na hiascaireachta, do thionscail feilméireachta agus do thionscail na feamainne in iarthar Chonamara agus glactar leis go bhfuil féidireachtaí eile ag baint leis an gCéibh ó thaobh scéimeanna fuinnimh inathnuaite agus thionscail na turasóireachta. Dá réir sin, déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a gcuid féin lena chinntiú go mbeidh Plean Forbartha ann le haghaidh Céibh Chill Chiaráin agus go mbrostófar ar aghaidh leis an bhforbairt.

------------------------------

De bhrí go bhfuil an oiread sin tábhachta le cúrsaí na mara sa suíomh tíreolaíoch ina bhfuil an contae tá sé ar intinn ag Comhairle Contae na Gaillimhe tuilleadh foirne a chur ag obair le beochan a chur sna tionscail a bheas bunaithe ar chúrsaí na mara, ar an cuanta agus ar an gcladach atá ag síneadh linn. Taobh istigh den raon sin beidh tionscail, seirbhísí agus áiseanna siamsaíochta/turasóireachta a bhaineann leis an bhfarraige.

-----------------------------

## Moltaí—Pleanáil i gceantair Thuaithe agus Ghaeltachta

*Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go neartaíonn gréasáin teaghlaigh agus pobail creatlach na gceantar tuaithe i gContae na Gaillimhe. Is páirt thraisiúnta de shaol na tuaithe iad. Aithníonn an Chomhairle freisin go bhfuil sé ríthabhachtach go leanfaí ar aghaidh le gníomhaíochtaí feirmeoireachta agus mara ar mhaithe le creatlach socheacnamaíocha an chontae a choinneáil slán. Ina theanta sin aríst is cuid mhór d'oidhreacht agus de thraidisiún an chontae na gníomhaíochtaí céanna.

Leis na bealaí maireachtála i dtalmhaíocht agus i gcúrsaí na mara a choinneáil ag imeacht tuigtear go dteastóidh pobal óg fuinniúil a mbeidh scileanna talmhaíochta agus farraige acu sna ceantair thuaithe agus cois cósta. Beidh tionchar aige sin ar pholasaí pleanála na Comhairle. Beidh an Chomhairle go láidir ar son daoine óga a choinneáil i mbailte fearainn Chontae na Gaillimhe.

------------------------------------

***Glacfaidh an Chomhairle Contae le polasaí a thabharfas cead teach tuaithe a thógáil ar shuíomh ceathrú acra i sráidbhaile faoin tuaith.**

**-------------------------------------**

***Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil rialacha caomhnaithe talún agus srianta timpeallachta eile curtha i bhfeidhm ar páirteanna faoi leith den chontae. Sampla maith de sin na dlíthe timpeallachta atá i gConamara, idir Ghaeltacht agus Ghalltacht, sin agus ar na hoileáin amach ón gcósta.**

**Tuigeann Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuireann sé seo strus agus costas breise ar an té a bhíonn ag iarraidh cead pleanála le teach cónaithe a thógáil sna ceantair sin. Tharlódh sé go gcoinneodh dúltú ar chead pleanála daoine óga ó lonnú ina bpobal dúchais. Tá sé ina pholasaí ag Comhairle Contae na Gaillimhe beogacht na gceantar tuaithe agus Gaeltachta a chinntiú. Dá réir sin tuigeann an Chomhairle go mbeadh drochthionchar ag imeacht daoine as a gceantar féin ar sheasmhacht na bpobal tuaithe agus ar na hiarrachtaí atá ar bun leis na ceantair thuaithe agus Ghaeltachta a neartú.**

**--------------------------------------------**

**Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe scrúdú ar bhealaí le cúiteamh a thabhairt ar chuid den chostas mór a thiteann de bharr dlíthe timpeallachta ar dhaoine a bhíonn ag iarraidh cead pleanála i gceantar tuaithe. D'fhéadfadh sé gur deontas nó beart eicínt eile a bheadh sa gcúiteamh seo. Déanfar iarracht cabhair airgid a fháil as foinsí náisiúnta agus Eorpacha lena leithéid de scéim a chur i bhfeidhm.**

**Tuigtear nár cheart costas iomarcach a chur ar iarrthóir a bheadh ag iarraidh cead pleanála i gcomhair tí cónaithe de bharr caomhnú timpeallachta agus dlíthe eile mar iad i gcás go mbeadh riachtanas tithíochta ag an iarrthóir. Is é an sainmhíniú a bheas ar chostas iomarcach an costas is mó a bheadh ar meán ar an té a bheadh ag iarraidh cead pleanála i gcomhair tí i gceantar tuaithe de chuid na Gaillimhe nach mbeadh rialacha timpeallachta i bhfeidhm ann.**

**----------------------------------------**

## Moladh—Turasóireacht

**Tionscal tábhachtach is ea an turasóireacht a thugann airgead ó thíortha thar lear go Contae na Gaillimhe. Beidh sé de pholasaí ag Comhairle Contae na Gailllimhe tuilleadh foirne a chur ag neartú na turasóireachta . Beidh sé d'aidm ag Comhairle Contae na Gaillimhe triúr den fhoireann a chur ag forbairt na n-acmhainní turasóireachta atá sa gcontae. Rachaidh siadsan i gcomhairle le háisíneachtaí eile atá ag plé go díreach le spreagadh na turasóireachta agus beidh ról faoi leith acu i leathnú na turasóireachta i gceantair sa gContae nach bhfuil an turasóireacht láidir iontu faoi láthair.**

----------------------------------------------------------------------------------------------------

-------------------------------------

-------------------------------------

-------------------------------------

# CÚLRA…………..

**Is muide an Coiste Comhairleach áitiúil atá bainteach leis an bPlean Gníomhaíochta 5 Bhliana do cheantar Chill Chiaráin agus Charna i nGaeltacht Chonamara. Plean é seo atá curtha i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta.**

**Trí Thoghroinn atá in Iorras Aithneach: an Cnoc Buí, Abhainn Ghabhla agus Scannimh.**

**Glacann na heolaíthe teanga leis go bhfuil an ceantar seo ar an gcéim is airde in Éirinn ó thaobh neart na Gaeilge de.**

**Ach, tá an dífhostaíocht chomh hard le 34% agus tá Carna/Cill Chiaráin imeasc na 15 ceantair dhubha (Blackspots) dífhostaíochta is measa sa tír.**

**Tá laghdú 54% tagtha ar an líon gasúr bunscoile sa gceantar le 30 bliain.**

**…agus cé gur tháinig ardú de 12.6% ar dhaonra Chontae na Gaillimhe sa tréimhse idir 1996 agus 2016, is chun deireadh atá daonra an cheantair seo gaibhte i chuile Dhaonáirimh ó shin.**

**Creideann muid go bhfuil sé riachtanach agus práinneach go mbeadh na cheithre ábhar anseo thíos mar pholasaí i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus is chuige sin atá na moltaí curtha ar aghaidh againn:**

- **Dearca fábharach agus dearfach ar chead pleanála do dhaoine óga na bpobail tuaithe;**

- **Cúnamh le n-íoc as an gcostas a bhaineann le iarratais phleanála in gceantair atá brataíthe ag ceangail chosanta timpeallachta ón Eoraip agus ag údaráis na tíre seo.  (Nóta – Is ar éigean gur ceapadh amach ceangail thimpeallachta le daoine a choinneáil ó theach agus didean a bheith acu ina gceantar dúchais féin);**
- **Caighdeán ard infrastruchtúir a chur ar fáil sna pobail tuaithe;**
- **Tacaíocht do dheiseanna fostaíochta.**

**--------------------------------**

**Le cois na mbunábhar atá luaite anseo thuas, ní mór aghaidh a thabhairt ar chruoganna tromchúiseacha atá ag goilliúint ar an bpobal seo i nGaeltacht Chonamara:**

- **Droch infreastruchtúr – droch bhóithre; scéimeanna séarachais in easnaimh; córas lochtach banda leathan;**
- **An chosúlacht ar an scéal go bhfuil an Chomhairle Contae ar an intinn nach dtógfar títhe sóisialta sa gceantar;**
- **An costas ard atá ag baint le hiarratais phleanála, bíodh sé ina theach cónaíthe no ina fhoirgnimh tionsclaíoch – tá baint mhór ag cúrsaí caomhnaíthe talún leis an gcostas seo;**
- **An plúchadh atá dá dhéanamh ar an bpobal ag caomhnú talúna agus cosaint na timpeallachta ar bhealaí éagsúla …forbairt bhóithe dá stopadh, deacrachtaí le cead pleanála, srianta ar thalamhaíocht agus ar obair na mara;**

**-----------------------------------------**

## AN STRÁICE TAOBH TÍRE IS LAIGE AR BHUN SÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCHTA SA GCONTAE.

**-----------------------------------------------------------------------------------------------**

**Is fada é cruthaíthe go soiléir go bhfuil an ceantar a shíneann as Camus siar go Cloch na Rón – Ros Muc, Cill Chiaráin agus Carna san áirimh – ar an limistéar is fairsinge tíreolaíochta sa gcontae atá neamhfhorbartha ar bhun sóisialta agus eacnamaíochta.  Tá seo cruthaíthe i gcáipéisí atá foillsíthe ag Comhairle Chontae na Gaillimh – cáipéisí atá bunaithe ar an eolas a bhí i dtorthaí Daonáirimh le cuimse blianta.**

## AN INNÉACS HASSE/PRATSCHKE.

**Aithnítear an Innéacs seo mar thomhais an-chruinn ar stadas eacnamaíochta agus sóisialta. Tabhair faoi deara gur neamhní (0) an scála neodrach.**

**Tá Bearna, ar imeall thoir iarthar na Gaillimhe ag moide ….+ 11.5**

**Tá Carna ar an imeall thiar ag lúide ………………………………….. – 13.7**

**Sin bearna 25 poinnte ar an scála Hasse/ Pratschke idir Bearna agus Carna agus sé Carna atá go mór chun deireadh.**

**FÉACH AR AGÚISÍN A BHAINEANN LE HASSE/PRATSCHKE ATÁ LEIS AN GCÁIPÉIS SEO.**

**----------------------------------------------**

**CEIST: Cuir i gcás go raibh an lagan sóisialta agus eacnamaíochta seo ag tárlú ar fud Chontae na Gaillimhe. Déarfaí gur cúlú tubaisteach a bheadh ann agus go raibh an pobal idir dhá cheann na meá.**

**------------------------------------------------**

**------------------------------------------------**

.

## AGÚISÍN 1 – Córas Hasse/Pratschke.

**Tugtar síos do chóras Hasse/Pratschke go bhfuil sé ar cheann de na miosúir is cruinne ó thaobh tomhais a dhéanamh ar stadas eacnamaíochta agus sóisialta pobail.**

**Tugtar síos neamhní (0) mar lárphoinnte neodrach sa gcóras.**

**Tá toghroinn Abhainn Ghaibhla i gceantar Chill Chiaráin/Charna áiríthe ar**

**-13.7. Sin 25 poinnte ar gcúl ar Bhearna ar imeall thoir réigiún Ghaillimh Thiar.**

**Seo leanas dhá shampla de na slatanna tomhais a mbaintear leas astú sa gcóras Hasse/Pratschke.**

### Profil Daonra.

- **an t-athrú ar an daonra le chúig bhliana anuas.**

- **an céadatán den daonra faoi-15 agus ós cionn 65.**
- **an céadatán den daonra atá taobh le oideachas bunscoile.**
- **an céadtás den daonra a bhfuil oideachas triú leibhéal orthu.**
- **an céadatán den daonra a bhfuil gasúir faoi 15 bliain acu agus gur tuismitheoir aonair an duine is sinsirigh sa teaghlach.**
- **an meán uimhir daoine in aghaidh an tseomra sa teach.**

## Meastachán ar Stadas sóisialta.

- **céadatán an daonra atá taobh le oideachas bunscoile.**
- **céadatán an daonra a bhfuil oideachas triú leibhéal orthu.**
- **céadatán títhe cónaithe a bhfuil an duine is sinsirigh iontú ag obair san earnáil ghairmiúil no bainistíochta …no fostaíthe san earnáil teicniúil no ar feilméara é/í a bhfuil 100 acra, no níos mo, talúna aice/aige.**
- **an céadatán títhe cónaíthe a bhfuil duine is sinsirigh sa teaghlach ar bheagán scileanna oibre no ina fheilméaraí a bhfuil níos lú ná 30 acra aige/aice.**
- **An meán uimhir daoine in aghaidh an tseomra sa teach.**

## Agúisín 2 – Obair bhaill an Choiste Comhairligh i gCarna agus i gCill Chiaráin.

**Tá iarrachtaí móra déanta ar bhun deonach i gceantar Charna agus Chill Chiaráin. Seo cuid de na beartais atá déanta ina raibh lámh chinniúnach ag coistí deonacha iontú:**

***Teach Altranais Charna – 58 idir lán aimseartha agus páirt aimseartha ag obair ansin anois.**
*** Bunú seirbhís othar charr pobail a shábháil daoine ón mbás.**
*** Scéim Soláthair Uisce Chill Chiaráin/Charna – leathnaithe anois go Caiseal, Cloch na Rón agus pairt de Ros Muc;**
*** Dhá scéim títhe Comhairle Contae – 31 teach do mhuintir na háite; Comhairle Chontae na Gaillimhe curtha ar an eolas faoina suíomhanna agus socruithe déanta faoi theidil thalúna sna cásanna seo.**
*** Forbairt ar Áras Shorcha Ní Ghuairim – idirghabháil idir Ollscoile na hÉireann, Údarás na Gaeltacht, Roinn na Gaeltachta agus Coiste Gairmoideachais na Gaillimhe sa gcaoi agus go ndéanfaí forbairt ar an tsean Ghairmscoil. Roint daoine fóstaíthe ansin anois.**
*** An Réamh Mhonarca nua amach ar aghaidh Áras Shorcha Ní Ghuairim;**
*** An tIonad Fiontair atá anois le múnlú mar Ionad G Teic.**
*** An tIonad Cúram Leanaí. Cruinnithe le Airí Rialtais i nGaillimh agus i nDáil**

Éireann agus i nGaillimh. Cruinnithe le feidhmeannaigh Stáit. Stocaireacht i Roinn na Gaeltachta agus in Údarás na Gaeltachta. An tIonad ansin anois. Áis fiorthábhachtach leis an nGaeilge a chur chun cinn imeasc na hóige. Fostaíocht curtha ar fáil ann freisin.

* Forbairt déanta ar pháirc spraoí agus caitheamh aimsire do ghasúir.

* Forbairt déanta ar Pháirc Uile Aimseartha spóirt; iarracht ar bun anois le Seomraí Feistis a chur ar fáil ansin.
* Foillsiú Leabhar Bliantúil Iorras Aithneach le 30 bliain;
* Feachtais le caoi a chur ar bhóithre – cuid mhaith déanta ach go leor le déanamh fós;
*Cosaint ar sheirbhís bhus Charna nuair a bhí na húdaráis ag iarraidh í a bhaint den bhóthar i 2009.
*Tógáil ionad Cuimhneacháis na nImirceach agus forbairt ar ghréasán foirleathan ambassadóirí thar sáile. Stráitéis dá réiteach anois le cur le forbairt na turasóireachta sa gceantar;
*Teagbháil rialta agus cruinníthe le lucht thionscail na mara, an Ionaid Taighde Sliogéisc, tionscail na feamainne agus dreamanna eile;
*Feachtais ar mhaithe le forbairt fostaíochta – PÁIRC NA MARA ar cheann acu.

-----------------------------------------------------------------

## FOCAL SCOIR.

Aithnítear gur b'iad pobal na tuaithe a choinníonn beocht sa timpeallacht agus a dhéanann cosaint ar na ceantair tuaithe agus ar thimpeallacht na mbailte fearainn ar fud Chontae na Gaillimhe.

Teastaíonn gníomhaíocht láidir phraiticiúil leis an gcúlú tubaisteach i gceantair immealacha tuaithe agus Gaeltachta a stopadh agus ba cheart go mbeadh ról an-tábhachtach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe san iarracht sin.